

An Bhruiséil, 17 Iúil 2026
(OR. en)

11918/26

DRS 26
ECOFIN 1020
EF 210

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2026) 116263
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 116263.

Faoi iamh: D(2026) 116263



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
[...] (2026) **XXX** draft

D116263/01

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán
Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm¹, agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún², glacadh caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta agus léirmhínte áirithe idirnáisiúnta cuntasaíochta a bhí ann an 8 Meán Fómhair 2022.
- (2) An 9 Bealtaine 2024, d'fhoilsigh an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB) Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* ('IFRS 19') arb é is cuspóir dó an tuairisciú airgeadais d'fhochuideachtaí incháilithe a shimpliú. Le IFRS 19, laghdaítear na ceanglais maidir le nochtheadh le haghaidh caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta agus leasuithe a eisíodh suas le mí Feabhra 2021. An 21 Lúnasa 2025, d'eisigh IASB leasuithe ar IFRS 19 chun ceanglais maidir le nochtheadh a laghdú le haghaidh caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta agus leasuithe a eisíodh idir mí Feabhra 2021 agus mí na Bealtaine 2024.
- (3) An 30 Bealtaine 2024, d'eisigh IASB leasuithe iarmhartacha ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 9 *Ionstraimí Airgeadais* ('IFRS 9') agus ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí* ('IFRS 7') – Leasuithe ar Aicmiú agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais. An 18 Nollaig 2024, d'eisigh IASB leasuithe iarmhartacha eile ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 9 *Ionstraimí Airgeadais* ('IFRS 9') agus ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí* ('IFRS 7') – Conarthaí ina dTagraítear do Leictreachas atá Spleách ar an Dúlra. Sna leasuithe sin tá nuashonruithe ar IFRS 19 nár áiríodh i rialachán cuntasaíochta an Aontais, mar a leagtar

¹ IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj>.

² Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2023 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 237, 26.9.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1803/oj>).

amach i Rialachán (AE) 2025/1047 ón gCoimisiún agus i Rialachán (AE) 2025/1266 ón gCoimisiún, ós rud é nach raibh IFRS 19 formhuinithe go fóill san Aontas an tráth sin, agus gur cheart é a áireamh anois.

- (4) Is é is aidhm do IFRS 19 ullmhú ráiteas airgeadais fochuideachtaí incháilithe a shimpliú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta trí cheanglais maidir le nochtadh a laghdú agus comhlíontacht iomlán á coinneáil ar bun leis na ceanglais maidir le haitheantas, tomhas agus cur i láthair a leagtar amach i gcaighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta. Is féidir IFRS 19 a bheith tairbhiúil d'fhochuideachtaí incháilithe a chuireann caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta i bhfeidhm cheana féin, toisc go laghdaítear leis an t-ualach nochta agus na costais ghaolmhara, gan dochar a dhéanamh d'úsáideacht na faisnéise a sholáthraítear d'úsáideoirí. I gcás fochuideachtaí incháilithe a chuireann creat cuntasaíochta eile i bhfeidhm faoi láthair seachas caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta iomlána, trí úsáid a bhaint as IFRS 19, ar bhonn deonach agus i gcás ina mbeidh údar leis ar bhonn measúnú dearfach costais agus tairbhe, d'fhéadfaí aistriú chuig caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta, úsáid creata cuntasaíochta grúpa aonfhoirmigh, agus ailíniú le beartais chuntasaíochta ar leibhéal an ghrúpa a éascú. I gcásanna den sórt sin, dá gcuirfí IFRS 19 i bhfeidhm, laghdófaí an gá atá le dhá shraith de thaifid chuntasaíochta a choinneáil ar bun nó beartais chuntasaíochta grúpa agus beartais chuntasaíochta áitiúla a réiteach. Thairis sin, tá na ceanglais maidir le nochtadh faoi IFRS 19 ceaptha chun bheith comhréireach agus dírithe ar riachtanais faisnéise úsáideoirí ráiteas airgeadais fochuideachtaí incháilithe, rud a chuireann le tuairisciú airgeadais feabhsaithe.
- (5) Leagtar amach in IFRS 19 a raon feidhme trí thagairt a dhéanamh do shainmhíniú IASB ar chuntasacht phoiblí. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i dtaca le IFRS 19 a chur i bhfeidhm maidir le fochuideachtaí atá bunaithe san Aontas, ba cheart a mheas go bhfuil cuntasacht phoiblí ag cuideachta i gcás ina gcaílíonn sí mar eintiteas leasa phoiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³.
- (6) Níl feidhm ag IFRS 19 ach amháin maidir le cuideachtaí ar fochuideachtaí iad de mháthairchuideachtaí a thrádáiltear go poiblí agus a tharraingíonn suas cuntais chomhdhlúite faoi Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002. Le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, ceanglaítear ar gach cuideachta liostaithe arna rialú ag dlí Ballstáit a ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002. In Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, tagraítear do chuntais chomhdhlúite, agus dá réir sin do mháthairchuideachtaí. Tá an fhoráil sin infheidhme freisin, áfach, maidir le fochuideachtaí de chuid máthairchuideachtaí den sórt sin, toisc go gceanglaítear léi go hintuigthe ar na fochuideachtaí sin an fhaisnéis airgeadais is gá a sholáthar dá máthairchuideachta. Ba cheart gníomhaíochtaí máthairchuideachta agus a cuid fochuideachtaí a chur i láthair mar chuideachta eacnamaíoch iomlán sna cuntais chomhdhlúite.

³ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj>).

- (7) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt d'fhochuideachtaí nó a cheangal orthu a gcuntais bhliantúla nó chomhdhlúite a ullmhú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.
- (8) Trí IFRS 19 a ghlacadh, tugtar le tuiscint, mar thoradh air sin, go ndéantar leasuithe ar na caighdeáin seo a leanas nó ar na léirmhínithe ar na caighdeáin: IFRS 1 *Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais*, IFRS 5 *Sócmhainní Neamhreacha arna Sealbhú le Díol agus Oibriochtaí Scortha*, IFRS 13 *Tomhas Luach Cóir*, IFRS 17 *Conarthaí Árachais*, IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*, Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta ('IAS') 32 *Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair*, IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach*, agus Léirmhíniú Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais IFRIC 14 *IAS 19—An Teorainn ar Shócmhainn Sochair Shainithe, na hÍoscheanglais Chistiúcháin agus a nIdirghníomhaíocht*.
- (9) Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais ('EFRAG'), chinn sé go gcomhlíonann IFRS 19 agus na leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin na coinníollacha maidir le glacadh a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 agus a shonraítear a thuilleadh in Airteagail 4 agus 5 den Rialachán sin.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1803 a leasú dá réir sin.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 mar a leanas:

- (1) Cuirtear isteach an tAirteagal 3a seo a leanas:

'Airteagal 3a

Cuideachta a chuireann i bhfeidhm na ceanglais a leagtar amach i gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* (IFRS 19) san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, measfar go bhfuil cuntasacht phoiblí aici i gcás inarb eintiteas leasa phoiblí í mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

* Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE

(2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

- (a) Cuirtear isteach IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (b) Leasaítear IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (c) IFRS 1 *Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais*, IFRS 5 *Sócmhainní Neamhreatha arna Sealbhú le Díol agus Oibríochtaí Scortha*, IFRS 13 *Tomhas Luach Cóir*, IFRS 17 *Conarthaí Árachais*, IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*, Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (‘IAS’) 32 *Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair*, IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach*, agus Léirmhíniú Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais IFRIC 14 *IAS 19 – An Teorainn ar Shócmhainn Sochair Shainithe, na hÍoscheanglais Chistiúcháin agus a nIdirghníomhaíocht*, déantar iad a leasú i gcomhréir le hIarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Cuirfidh gach cuideachta na leasuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 i bhfeidhm ó dháta tosaithe a céad bhliana airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027, nó dá éis, ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN